Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

# Ardscileanna Gaeilge do Mhúinteoirí (Teastas Iarchéime)



**Beidh an teastas iarchéime seo á thairiscint go páirtaimseartha ag Ollscoil na Gaillimhe ag Leibhéal 9 den Chomhchreat Náisiúnta Cáilíochta do mhúinteoirí cáilithe ar mhian leo cur lena scileanna teanga agus ardchumas cruinnis agus úsáide teanga a shaothrú i gcomhthéacsanna teagaisc agus foghlama. Beidh sé oiriúnach d'oidí unscoile agus iar-bhunscoile, do mhúinteoirí Gaeilge agus do mhúinteoirí atá ag teagasc ábhair trí Ghaeilge i ngaelscoileanna, i ngaelcholáistí agus i scoileanna Gaeltachta.**

## Cuspóirí an chláir

- Cumas scileanna éagsúla teanga agus litearthachta a shaothrú a fhónfaidh suíomhanna oideachais ina mbeidh ardchumas Gaeilge ag teastáil.
- Sainscileanna aistriúcháin a shaothrú le cur ar chumas na rannpháirtithe feidhmiú go héifeachtach agus go muiníneach
- Bonn anailíse agus léargais a chothú a bheidh ina chrann taca do mhúinteoirí atá ag iarraidh acmhainní foghlama Gaeilge a chruthú chomh maith le straitéisí feasachta agus saibhrithe teanga a fhorbairt.

## Modúil an chúrsa

Ardchruinneas Scríofa & Labhartha 1
An tAistriúchán & Téarmaíocht an tSeomra Ranga
Ardchruinneas Scríofa & Labhartha 2
Tionscadal

**Leibhéal an chúrsa:** Teastas ag Leibhéal 9

**Fad:** Dhá bhliain go páirtaimseartha nó ar bhonn modúil aonair thar roinnt blianta.

**Riachtanais iontrála:** Bunchéim Dara hOnóracha, Grád 2 ag leibhéal 8, nó iarchéim ag leibhéal 9 san oideachas, nó iarrthóirí atá ag tabhairt faoi iarchéim san oideachas. (Is féidir le hiarrthóirí nach bhfuil na cáilíochtaí acadúla cuí acu, ach a bhfuil ar a laghad cúig bliana de thaithí ghairmiúil acu san earnáil oideachais iarratas a dhéanamh faoi chóras na hOllscoile d'Aitheantas don Réamhfhoghlaim [RPL])

**Táillí:** €1,800 don teastas iomlán. D'fhéadfadh an táille seo athrú i rith na bliana. Is féidir eolas faoi tháille reatha an chláir a fháil ar www.universityofgalway.ie/fees.

**Conas iarratas a dhéanamh:** https://www.universityofgalway.ie/postgraduateapplications

**Spriocdháta:** Níl aon dáta deiridh leagtha síos ag OÉ Gaillimh maidir le glacadh le hiarratais (seachas i gcásanna eisceachtúla). Eiseofar tairiscintí ar bhonn leanúnach. Cuirtear ina luí ar iarrthóirí iarratais a dhéanamh chomh luath agus is féidir. Chun na mionsonraí ar fad a fheiceáil maidir le cathain agus conas iarratas a dhéanamh, féach www.universityofgalway.ie/postgrad-admissions/key-dates/

www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge





## Sainghnéithe

Déanfar an cúrsa a reáchtáil ar bhonn na foghlama cumaisc trí mhodúil an chúrsa a sheachadadh ar líne. Ní mór d'iarrthóirí ríomhaire agus ceangal leathanbhanda a bheith acu chun páirt a ghlacadh sa chúrsa seo.

## Líon mac léinn

Glacfar le 20 mac léinn ar an gcúrsa seo.

## Eolas breise

Beidh deis ag rannpháirtithe an clár a chríochnú thar dhá bhliain acadúla nó modúil aonair den chúrsa a ghlacadh in imeacht roinnt blianta agus iad a chur i dtreo na cáilíochta iomláine.

Beidh ceardlanna míosúla ar siúl ar champas Ollscoil na Gaillimhe freisin.

## Deiseanna fostaíochta

Rachaidh an cháilíocht bhreisoiliúna seo go mór chun tairbhe rannpháirithe ina gcuid oibre reatha i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, mar mhúinteoirí Gaeilge agus dóibh siúd atá ag teagasc ábhair trí Ghaeilge i ngaelscoileanna, i ngaelcholáistí agus i scoileanna Gaeltachta. Cuirfidh an cháilíocht go mór le hinfhostaitheacht chéimithe an chúrsa freisin.



Eolas faoi chúrsaí ag

www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh

## Tuilleadh eolais:

An Dr Dorothy Ní Uigín
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
Ollscoil na Gaillimhe, Gaillimh.
t: +353 91 493 493
r: dorothy.niuigin@ollscoilnagaillimhe.ie